

Cuntas Leithreasa 2016

Vóta 6

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Réamhrá

Tá dualgas orm mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 6 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

Tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an méid a caitheadh ar thuarastail agus ar chostais in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2016, de réir an cheanglais sin.

Tá comparáid déanta idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2016, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí-gcabhair.

Tá barrachas €258,277 dlite le géilleadh don Stáitchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a réiteach i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, ach amháin an méid seo a leanas:

Costais fabhraithe

Tá san áireamh le costais fabhraithe táillí abhcóide atá faoi réir meastóireachta agus próiseas athbhreithnithe ach nár íocadh ag deireadh na bliana.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht maidir le Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Dearbhú maidir le Seirbhísí Comhroinnte

Cuireann an Oifig Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte feidhmeanna párolla agus acmhainne daonna ar fáil ar bhonn seirbhíse comhroinnte (Vóta 18). Is í Oifig Cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an tOifigeach Vótála do Vóta 18 freisin, agus is í atá freagrach as rialuithe a oibriú taobh istigh de na hIonaid Seirbhíse Comhroinnte.

Tá próiseas iniúchta curtha i bhfeidhm ag Oifig Cuntasaíochta na Seirbhísí Comhroinnte chun dearbhú neamhspleách a thabhairt maidir le feidhmiú rialuithe taobh istigh de sheirbhísí comhroinnte. Tá na hiniúchtaí á ndéanamh ag gnólachtaí cuntasóirí de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta ar Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402) arb é is cuspóir leis tuairisciú chuig ranna úsáideora agus a n-iniúcháirí maidir leis na rialuithe atá taobh istigh de sheirbhísí comhroinnte.

Cuimsítear sna hiniúchtaí (i) measúnú ullmhacht chun rioscaí agus rialuithe gaolmhara a aithint agus anailís bhearna a chur ar fáil, agus, ina dhiaidh sin (ii) tuarascáil ar dhearadh agus ar úsáid rialuithe, agus (iii) tuarascáil bhliantúil ar cé acu ar feidhmíodh nó nár feidhmíodh rialuithe go héifeachtach.

Tá litir tugtha dom ag Oifigeach Cuntasaíochta na seirbhísí comhroinnte, mar a bhfuil cur síos ar an dul chun cinn a bhaineann le cur i bhfeidhm an phróisis dearbhaithe iniúchóireachta agus táthar ag súil go ndéanfar na torthaí a bhaineann le dearadh agus oibriú rialuithe a thuairisciú chugamsa, faoi mar a leagtar amach sa litir.

Glacaim dearbhú ón gcóras rialaithe taobh istigh de sheirbhísí comhroinnte, mar a thuairiscigh Oifigeach Cuntasaíochta na Seirbhísí Comhroinnte chugam.

Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Dearbhaímse go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i gcomhair bainistíocht airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin chuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

Rialúcháin Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán
- córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.

Comhlíonadh maidir le soláthar

Cinntíonn an Oifig go gcuirtear béim chuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go mbítear ag comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad. Chomhlíon an Oifig na treoirlínte ach amháin i gcás 14 conradh a bhfuil luach €951,226 orthu agus atá liostaithe i mo thuairisceán i ndáil le Ciorclán 40/2002. Bhain ocht (8) gconradh ar luach suas go €430,164 le híocaíochtaí le soláthraithe aonair. Sna sé (6) chás eile, áit a bhfuil luach €521,062 i gceist, cuireadh socruithe áitiúla i bhfeidhm a bhí ag teacht salach ar treoirlínte náisiúnta soláthair. Tá an próiseas tairisceana tugtha chun críche ag an Oifig le haghaidh ceann de na míreanna caiteachais is suntasaí atá ann agus is gearr go síneofar conradh. Lena chois sin, tá sé i gceist leas a bhaint as socruithe, atá i bhfeidhm anois ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, chun méid áirithe conarthaí tábhachtacha eile a dhámhachtain le linn 2017.

Rioscaí suntasacha airgeadais

Mar a leagtar amach thuas is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta

Deimhním go gcoimeádann an Oifig, ó bhí 2015 ann, feidhm iniúchta inmheánaigh trí chomhaontú conartha le comhlacht iniúchta ghairmiúil le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Glacann sí le hanailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige san áireamh agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialúcháin a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gcuirtear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh i gcrích.

Slándáil Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide

Feidhmíonn an Oifig rialuithe dea-chleachtais d'fhonn príomhrioscaí slándála a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (ICT) a mhaolú. Déantar athbhreithniú agus uasghrádú, nuair is gá, ar bhonn leanúnach ar chórais slándála ICT

Rialuithe Airgeadais agus Riaracháin

Déanann an Bord Bainistíochta agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú go rialta ar rialuithe. Breithníonn an Bord Bainistíochta gach tuairisc iniúchta inmheánaigh.

Eileen Creedon

Oifigeach Cuntasaíochta

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

30 Márta 2017

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 6 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasáiochta caighdeánacha agus na bprionsabail do chuntais leithghabhála.

Freagracht an Oifigh Chuntasaíochta

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoinne sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

Scóip an iniúchta

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

Tuairim faoin gcuntas leithghabhála

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 6 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Oifig. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2016.

Seamus MacCárthaigh

Reachtair Cuntas agus Ciste

26 Meán Fómhair 2017

Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Cuntas Leithreasa 2016

		2016		2015
		Soláthar Measta	Aschur	Aschur
		€000	€000	€000
Caiteachas Cláir				
A	Seirbhísí dlí a sholáthar	31,008	30,004	29,925
Ollchaiteachas		31,008	30,004	29,925
<i>Asbhain</i>				
B	Leithreasáí i gCabhair	1,860	1,114	1,672
Glanchaiteachas		29,148	28,890	28,253

Barrachas le géilleadh

Tá barrachas na suime a luaitear le cois an ghlanmhéid dlite le géilleadh don Státchiste.

	2016	2015
	€	€
Barrachas le géilleadh	258,277	212,780

Anailís ar chaiteachas riaracháin

		2016		2015
		Soláthar Measta	Aschur	Aschur
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	15,100	13,978	14,414
ii	Taisteal agus cothabháil	70	82	72
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	813	972	879
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	350	301	321
v	Trealamh Oifige agus seirbhísí seachtracha TE	750	1,002	584
vi	Costais áitribh oifige	300	171	158
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar bheartais luach ar airgead	25	44	25
		17,408	16,550	16,453

Nótaí atá ag gabháil leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2016

	2016	2015
	€000	€000
Costas cláir	13,454	13,472
Pá	13,978	14,414
Neamhphá	2,572	2,039
Ollchaiteachas	30,004	29,925
<i>Asbhain</i>		
Leithreasá i gCabhair	1,114	1,672
Glanchaiteachas	28,890	28,253
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
Ceannacháin in airgead tirim	(376)	
Dímheas	284	
Caillteanas ar dhiúscairtí	1	201
Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt		
Íocaíochtaí in airgead tirim	(61)	(42)
Athruithe ar ghlan-shócmhainní reatha		
Méadú ar fhabhruithe deiridh	181	
Méadú ar stoc	(4)	
	177	562
Caiteachas díreach	28,915	28,974
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glan-chaiteachas ar sheirbhísí comhcheangailte (nóta 1.1)	2,077	2,138
Cíosanna barúlacha	795	795
Glan-chostas cláir	31,787	31,907

1.1 Glan-Chaiteachas ar Sheirbhísí Comhcheangailte

I ndáil le Vóta 6 a tabhaíodh in áit eile, tá méid an ghlan-chaiteachais ar sheirbhísí comhcheangailte comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas

	2016	2015
	€000	€000
Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	1,186	1,203
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	865	914
Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Seirbhísí Roinnte	26	21
	2,077	2,138

2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016 €000	2015 €000
Sócmhainní Caipitil	2.2	667	534
Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt	2.3	<u>61</u>	<u>42</u>
		728	576
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.4	851	2,455
Stoic	2.5	37	33
Réamhíocaíochtaí		232	188
Ioncam fabhráithe	2.6	9,485	9,746
Iarmhéideanna dochair eile	2.7	<u>139</u>	<u>164</u>
Sócmhainní reatha iomlána		10,744	12,586
Lúide sócmhainní reatha			
Costais fabhráithe		1,834	1,870
Iarmhéideanna sochair eile	2.8	984	2,546
Glandliteanas don Státchiste	2.9	<u>6</u>	<u>73</u>
Dlíteanais reatha iomlána		2,824	4,489
Glan-sócmhainní reatha		7,920	8,097
Glan-sócmhainní		8,648	8,673
Arna léiriú i:			
Cuntas maoinithe stáit	2.1	8,648	8,673

2.1 Cuntas Maoinithe Stáit	Nóta	2016	2015
		€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		8,673	9,394
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar Measta	Cuntas	29,148	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	<u>(258)</u>	
Glan vóta		28,890	28,253
Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile	1	2,077	2,138
Caiteachas nach airgead tirim – cíos barúlach	1	795	795
Glan-chostas cláir	1	<u>(31,787)</u>	<u>(31,907)</u>
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		8,648	8,673

2.2 Sócmhainní Caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus fearais	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir	3,967	1,699	5,666
Breiseanna	369	49	418
Diúscairtí	(111)	(7)	(118)
Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig	4,225	1,741	5,966
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir	3,633	1,499	5,132
Dímheas don bhliain	224	60	284
Dímheas ar dhiúscairtí	(110)	(7)	(117)
Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig	3,747	1,552	5,299
Glan-sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2016	478	189	667
Glan-sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015	334	200	534

2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

amhail an 31 Nollaig	Feidhmchláir ríomhairí
	€000
Méideanna tugtha chun cinn an 1 Eanáir 2016	42
Íocaíochtaí in airgead tirim sa bhliain	61
Aistrithe go dtí clár na sócmhainní	(42)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2016	61

2.4 An Banc agus Airgead Tirim

amhail an 31 Nollaig	2016 €000	2015 €000
Iarmhéideanna agus airgead tirim PMG	848	2,453
Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála	3	2
	851	2,455

2.5 Stoic

amhail an 31 Nollaig	2016 €000	2015 €000
Stáiseanóireacht	37	33

2.6 Ioncam Fabhraithe

amhail an 31 Nollaig	2016 €000	2015 €000
Ioncam fabhraithe	9,485	9,746

Tá na costais faoi cháin i bhfabhar an Stáit atá gan íoc suntasach, agus tá a leithéid de chostais fós gan íoc ós rud é gurb é polasaí na hoifige dul sa tóir ar gach ordú costais a bhronntar.

2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile	2016	2015
amhail an 31 Nollaig	€000	€000
Ilghnéitheach	139	164

2.8 Iarmhéideanna Sochair Eile	2016	2015
amhail an 31 Nollaig	€000	€000

Méideanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	360	327
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta	188	166
Cáin Shiarchoinneálach um Sheirbhísí Gairmiúla	290	353
Cáin Bhreisluacha	6	—
Cáin Mhaoine Áitiúil	2	1
Ranníoca pinsin	—	75
	846	922
Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí	—	70
Diúscairtí maoine Stáit	138	1,554
	984	2,546

2.9 Glandliteanas don Státchiste	2016	2015
amhail an 31 Nollaig	€000	€000
Barrachas le géilleadh	258	213
Deontas státchiste nár tarraingíodh	(252)	(140)
Glandliteanas don Státchiste	6	73

Arna léiriú i:**Féichiúnaithe**

Banc agus airgead tirim	851	2,455
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	139	164
	990	2,619

Creidiúnaithe

Dlite don Stát	(846)	(922)
Iarmhéideanna sochair: ar fionraí	(138)	(1,624)
	(984)	(2,546)

6	73
---	----

2.10 Ceangaltas	2016	2015
amhail an 31 Nollaig	€000	€000
lomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe de réir dlí	908	662

Tá tiomantais ann i leith cásanna dlí atá ar bun agus nach bhfuil san áireamh san fhigiúr thuas mar nach mbeidh na costais deiridh ar fáil go dtí go mbeidh an gníomh dlí tugtha chun críche. Tá an caiteachas faoi réir na ngnáthrialuithe costais agus tugtar aird ar theorainneacha buiséid.

2.11 Dhliteanais Aibí	2016	2015
amhail an 31 Nollaig	€000	€000
Níor urscaoileadh meastachán ar dhliteanais aibí ag deireadh na bliana	45	109

3 Caiteachas Cláir de réir Fo-cheannteideal

		2016		2015
		Soláthar Measta	Aschur	Aschur
		€000	€000	€000
A	Seirbhísí dlí a sholáthar			
A.1	Riarachán - pá	15,100	13,978	14,414
A.2	Riarachán – neamhphá	2,308	2,572	2,039
A.3	Seirbhísí seachtracha dlí	200	217	243
A.4	Táillí abhcóide	12,000	12,137	12,090
A.5	Costais ghinearálta dlí	1,400	1,100	1,139
		31,008	30,004	29,925

Athruithe suntasacha

Tríd is tríd, bhí an caiteachas maidir le Clár A €1.004 milliún níos ísle ná mar a luadh. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

Tuairisc	Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh €000	Míniú
Riarachán - pá	1,122	Rinneadh coigilteas mar nár líonadh roinnt folúntas dlí san Oifig le linn na bliana de bharr deacrachtaí le foirne a earcú agus a choinneáil.
Riarachán - neamhphá	(264)	Bhain an róchaiteachas le níos mó airgid a bheith á chaitheamh ar IT chun uasghrádú a dhéanamh ar an gCóras Bainistíochta Cás, agus le níos mó airgid a bheith á chaitheamh ar fhoilseacháin dlí.
Táillí abhcóide	(137)	Bhain an róchaiteachas le cásanna ardphróifíle agus casta a raibh an oifig ag plé leo i rith na bliana agus tréachur tapa sna cúirteanna i roinnt cásanna.
Costais ghinearálta dlí	300	Bíonn caiteachas faoin bhfo-cheannteideal seo ag brath ar chásanna dlí sna cúirteanna agus dá bhrí sin bíonn sé deacair a thuar.

4 Fáltais

4.1 Leithreasáí i gcabhair

		2016	2015
	Measta	Réadaithe	Réadaithe
	€000	€000	€000
1. Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	1,000	414	805
2. Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ó luach saothair seirbhíse poiblí	860	700	867
	1,860	1,114	1,672

Míniú ar dhifríochtaí suntasacha

1. Bhí méid na gcostas agus na dtáillí réadaithe €585,948 níos lú ná mar a measadh. Ní féidir in aon bhliain a thuar go cruinn na costais a dhámhfar ar an Stát ná na táillí a aisghabhfar.
2. De bharr go raibh an próiseas earcaíochta €160,000 níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis, bhí asbhaintí a bhaineann le pinsin níos ísle ná a measadh.

4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

Fuair an Státchiste €9,652 ar an iomlán (2015: €9,144) faoin Acht Maoine Stáit, 1954.

5 Líon Fostaithe agus Pá

	2016	2015
An líon foirne ag deireadh na bliana (coibhéis lánaimseartha)	237	224

	2016 €000	2015 €000
Pá	12,743	13,192
Ard-liúntais, liúntas speisialta nó liúntas do dhualgais bhreise	106	95
Liúntais eile	10	8
Ragobair	25	15
PRSI Fostóra	1,094	1,104
Pá Iomlán	13,978	14,414

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhFaightheoirí	Faightheoirí €10,000 nó níos mó	Uas- íocaíocht Aonair 2016 €	Uas- íocaíocht Aonair 2015 €
Ard-liúntais, liúntas speisialta nó liúntas do dhualgais bhreise	40	2	16,707	11,333
Liúntais eile	5	—	3,328	1,783
Ragobair	16	—	4,713	5,305
Luach saothair faoi bhreis agus catagóir amháin	11	—	9,070	9,579

5.2 Ró-íocaíochtaí Párolla

€77,611 (67 cás) (2015: €35,741, 13 cás) an méid a íocadh i ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana. Tá pleananna aisghabhála i bhfeidhm i ndáil le €34,034 (49 gcás) díobh sin.

6 Ilghnéitheach

6.1 Airgead Sealbhaithe ar Iontaobhas

Tá roinnt cuntas bainc tráchtála ag an CSSO. Sealbhaítear an t-airgead seo ar iontaobhas thar ceann cliaint-ranna agus oifigí agus tríú páirtithe a mbíonn baint acu go príomha le hidirbhearta maoine. Ní tharchuirtear aon airgead atá dlite do nó a íoctar ó Vóta OPAS trí na cuntais bhainc seo. €3.88 milliún a bhí coinnithe ag deireadh 2016 agus níl sin san áireamh sa chuntas. (2015: €0.774 milliún).

6.2 Nótaí maidir le Táillí Abhcóide

Feidhmíonn OPAS córas láidir chun leibhéal cuí an táille chomhairle a chinneadh ar bhonn gach cáis aonair. Tar éis don Ard-Aighne é/í a ainmniú, téann abhcóide i mbun na hoibre dlí agus seolann nóta táille. Déanann an CSSO meastóireacht ar gach nóta táille chun a chinneadh cén táille atá oiriúnach don obair a rinneadh, ag cur san áireamh tosca éagsúla, inter alia, castacht an cháis, an méid oibre atá déanta ag an abhcóide, agus a fheabhas a chruthaigh an t-abhcóide.

Nótaí maidir le Táillí Abhcóide	Líon	Oll-luach €000	Luach Marcála Anuas €000
Ar Láimh	793	5,211	—
Fabhrú	231	2,318	1,576
Dliteanais aibithe	6	21	14